Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Samhain 2025
(OR. en)**

**14448/25**

**ECOFIN 1411
UEM 514
FIN 1247
*ECB*
*EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021**
**maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https:// data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Chróit an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 8 Iúil 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 28 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme[2] ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021'). Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3] agus an 20 Meitheamh 2025[4].

(2) An 7 Deireadh Fómhair 2025, rinne an Chróit iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an gCróit.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chróit isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 151 beart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10687/21 agus ST 10687/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[3] Féach doiciméad ST 15834/23 COR 1 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.
[4] Féach doiciméid ST 9586/25 agus ST 9586/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Tá mínithe ag an gCróit go bhfuil seacht mbeart ann nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar na méaduithe móra ar chostais. Baineann sé sin le bearta C3.1-R1-I1 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú shaoráidí ECEC), C3.1-R1-I2 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh teagasc seala aonair lánaimseartha), C3.1-R1-I4 (Tógáil, uasghrádú, atógáil agus feistiú bunscoileanna le haghaidh teagasc seala aonair lánaimseartha), C7.1-R1-I1 (Úsáid hidrigine agus teicneolaíochtaí nua), C7.1-R1-I2 (Geilleagar bunaithe ar hidrigin a bhunú (trí Ghleann Hidrigine Mhuir Aidriad Thuaidh)), C7.1-R1-I4 (Úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite san iompar agus sa téamh a neartú), agus C7.1-R1-I5 (Bithscaglann chun bithbhreoslaí ardfhorbartha a tháirgeadh, Sisak). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(5) Tá mínithe ag an gCróit go bhfuil ceithre bheart ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar na méaduithe móra ar chostais. Baineann sé sin le bearta C1.4 R2-I2 (Nuachóiriú líne iarnróid M604 Oštarije – Knin – Split), C1.4 R2-I5 (Pillíní coscáin vaigín lasta a ionadú chun torann a laghdú), C1.4-R3-I4 (Calafoirt agus cuanta a fheistiú le bonneagar bainistithe dramhaíola) agus C5.1-R4-I6 (Bainistiú dramhaíola ag Ionad Ospidéal Cliniciúil KBC Zagreb). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go mbainfí na bearta sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(6) Tá mínithe ag an gCróit nach féidir ceithre bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, de dheasca na heaspa éilimh. Baineann sé sin le bearta C1.4-R2-I7 (Nuachóiriú ar an gcóras TF agus díolacháin), C1.6-R1-I2 (Iomaíochas fiontraithe a neartú agus aistriú glas agus digiteach earnáil na turasóireachta a chothú), C2.3-R4-I1 (Tionscadail a chur chun feidhme faoin gClár Réime Náisiúnta um Bonneagar Leathanbhanda a Fhorbairt i réimsí nach bhfuil leas tráchtála leordhóthanach san infheistíocht iontu), agus C3.1-R1-I3 (Tógáil, uasghrádú, athchóiriú agus feistiú meánscoileanna). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(7) Tá mínithe ag an gCróit go bhfuil beart amháin ann nach féidir a bhaint amach a thuilleadh, mar gheall ar an easpa éilimh. Baineann sé sin le bearta C1.5-R2-I1 (Comhdhlúthú talún talmhaíochta). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go mbainfí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(8) Tá mínithe ag an gCróit nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar iarmhairtí creathanna talún in 2020 a rinne damáiste d’fhoirgnimh na cúirte. Baineann sé sin le beart C2.5-R1 (Éifeachtúlacht an chórais ceartais a mhéadú chun muinín na saoránach a mhéadú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go leasófaí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(9) Tá mínithe ag an gCróit go bhfuil beart amháin leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun a uaillmhian bhunaidh a bhaint amach. Baineann sé sin le beart C7.2-I2 (Athchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún le hathchóiriú fuinnimh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go leasófaí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(10) Tá mínithe ag an gCróit go bhfuil 133 bheart leasaithe chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a shimpliú, agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le beart C1.1.1-R1-I1 (Digiteáil seirbhísí rialtais agus riaracháin phoiblí a sholáthraítear don earnáil ghnó (G2B)), C1.1.1-R1-I2 (Faoiseamh leanúnach riaracháin agus fioscach), C1.1.1-R4-I1(Tacaíocht d'fhiontair le haghaidh an aistrithe chuig geilleagar atá tíosach ar fhuinneamh agus ar acmhainní), C1.1.1-R4-I2 (Ionstraim airgeadais le haghaidh micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide), C1.1.1-R4-I3 (Ionstraim airgeadais le haghaidh fiontair mheánchaipitlithe agus fiontair mhóra), C1.1.1-R4-I4 (Ionstraim airgeadais le haghaidh eintitis earnála poiblí), C1.1.1-R6-I1 (Iomaíochas na dtionscal cultúrtha agus cruthaitheach a chlaochlú agus a neartú), C1.1.1-R6-I2 (Córas seiceála fíricí sna meáin agus córas nochta phoiblí a bhunú), C1.1.1-R2 (Leanúint den athchóiriú ar ghairmeacha rialáilte), C1.1.1-R3 (An creat straitéiseach a chur chun cinn chun infheistíocht phríobháideach a chur chun cinn), C1.1.1-R5 (Margaí caipitil a éagsúlú agus feabhas a chur ar rochtain ar mhaoiniú malartach), C1.1.1-R7 (An Fóram Tacaíochta Airgeadais Inbhuanaithe a bhunú), C1.1.2-R2-I2 (Infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht bainistíochta fiontar beag agus meánmhéide), C1.1.2-R2-I3 (Cistiú deontais do ghnólachtaí nuathionscanta), C1.1.2-R2-I4 (Gníomhaíochtaí Luasghéaraithe Feabhsúcháin a Neartú), C1.1.2-R2-I5 (Tráchtálú tionscadal nuálaíochta),

C1.1.2-R3-I2 (Dearbháin digiteála), C1.1.2-R3-I3 (Deontais le haghaidh digiteálacha), C1.1.2-R1 (Athchóiriú ar an gcóras dreasachta T & F), C1.2-R1-I1 (An córas fuinnimh a athbheochan, a thógáil agus a dhigiteáil agus tacú leis an mbonneagar chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú), C1.2-R1-I2 (Éifeachtúlacht fuinnimh, teas agus fuinneamh in-athnuaite a chothú chun an earnáil fuinnimh a dhícharbónú), C1.2-R1 (Dícharbónú na hearnála fuinnimh), C1.3-R1 (Cur chun feidhme an chláir bainistithe uisce), C1.3-R1-I1 (Clár forbartha séarachais phoiblí), C1.3-R1-I2 (Clár forbartha soláthair uisce phoiblí), C1.3-R1-I3 (Clár laghdaithe riosca tubaistí), C1.3-R2-I1 (Clár um dhiúscairt dramhaíola a laghdú), C1.3-R2-I2 (Clár feabhsúcháin do líonta talún dúnta agus do láithreáin atá éillithe le dramhaíl ghuaiseach), C1.3-R3 (An clár bainistithe uisce a chur chun feidhme a thuilleadh), C1.3R-R3-I1 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha séarachais phoiblí), C1.3-R3-I2 (Infheistíochtaí breise sa chlár forbartha soláthair uisce phoiblí), C1.3-R2 (Bainistiú dramhaíola inbhuanaithe a chur chun feidhme), C1.4-R1-I1 (Córas ríomhbhailúcháin dolaí), C1.4-R1-I3 (Córas náisiúnta leictreonach stórála agus malartaithe sonraí um iompar de bhóthar (NSCP)), C1.4-R1-I5 (Faireachán ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar (e-ADR)), C1.4-R2-I3 (‘Scrogaill’ a bhaint ar bhonneagar iarnróid), C1.4-R2-I6 (Úsáid teicneolaíochtaí glasa in iompar paisinéirí d’iarnród), C1.4-R3-I1 (Clár don nuachóiriú le haghaidh calafoirt atá oscailte do thrácht poiblí), C1.4-R4-I1 (Feithiclí breosla malartaigh a sholáthar le haghaidh iompar poiblí uirbeach agus fo-uirbeach rialta), C1.4-R4-I2 (An flít tramanna a nuachóiriú), C1.4-R5-I1 (An córas láimhseála ar an talamh agus soláthar cumhachta a leictriú agus a ghlasú in aerfort Zadar), C1.4-R5-I2 (Taighde, forbairt agus táirgeadh feithiclí soghluaisteachta nua agus bonneagair tacaíochta),

C1.4-R5-I3 (Clár cómhaoinithe chun feithiclí breosla mhalartaigh nua a cheannach agus chun bonneagair breoslaí malartacha a fhorbairt san iompar de bhóthar), C1.4-R2 (Athchóiriú na hearnála iarnróid), C1.5-R1-I1 (Ionaid lóistíochta agus dáileacháin le haghaidh torthaí agus glasraí a thógáil agus a fheistiú), C1.5-R1-I2 (Seasamh agus infheictheacht na dtáirgeoirí i slabhra an tsoláthair bia a neartú), C1.5-R2-I2 (Clár Faireacháin ar Thalamh Talmhaíochta), C1.5-R3-I2 (Talmhaíocht chliste), C1.6-R1-I1 (Éagsúlú agus speisialtóireacht réigiúnach sa turasóireacht Chróiteach trí infheistíochtaí i bhforbairt táirgí turasóireachta ard-bhreisluacha), C1.6-R1-I3 (Acmhainneacht córais a neartú le haghaidh turasóireacht athléimneach agus inbhuanaithe), C2.1-R1-I1 (An próiseas le haghaidh pleanáil straitéiseach agus measúnú tionchair ar bheartais phoiblí a bharrfheabhsú, a chaighdeánú agus a dhigiteáil), C2.1-R1-I2 (Acmhainneacht a neartú i bpleanáil straitéiseach agus i rialáil níos fearr), C2.1-R2-I1 (Cúnamh a sholáthar do thairbhithe maidir le doiciméadacht theicniúil agus tionscadail a ullmhú do thairiscintí teicniúla), C2.1-R1 (Sásraí a neartú chun beartais phoiblí a chomhtháthú agus a bhainistiú in éineacht leis an bpleanáil straitéiseach a ghairmiúlú), C2.2-R3-I1 (Cur in úsáid bonneagar digiteach agus seirbhísí riaracháin phoiblí trí chóras atá bunaithe ar chaomhnú a fhorbairt), C2.2-R3-I2 (Bonneagar agus seirbhísí digiteacha na hearnála poiblí a fheabhsú tríd an gCóras Náisiúnta Faisnéise Cartlainne a fhorbairt agus tríd an líonra cartlann náisiúnta a neartú), C2.2-R4-I1 (Barrfheabhsú agus dílárú breise na n-aonad rialtais áitiúil agus réigiúnach trí thacaíocht a thabhairt do chumaisc fheidhmiúla agus iarbhír), C2.3-R2-I1 (Córas lárnach idir-inoibritheachta a bhunú), C2.3-R3-I1 (An Lárionad Seirbhísí Comhroinnte a Uasghrádú), C2.3-R3-I6 (Infheistíocht i líonraí bonneagair faisnéise Stáit), C2.3-R3-I7 (Feabhas a chur ar an gcóras pleanála spásúla, tógála agus sócmhainní stáit trí dhigitiú),

C2.3-R3-I10 (Digiteáil agus ríomhairiú CES (eHZZ)), C2.3-R3-I11 (Nuachóiriú tacaíochta TFC ar HZMO (eHZMO)), C2.3-R3-I12 (Digiteáil chartlann HZMO (eArhiva)), C2.3-R3-I13 (Claochlú digiteach an Riaracháin Cánach), C2.3-R3-I15 (Réitigh feidhmchlár turasóireachta a chur ar bun chun an t-ualach riaracháin a bhaint d'fhiontraithe agus an tsamhail turasóireachta a chlaochlú i dtreo na hinbhuanaitheachta), C2.3-R3-I16 (Próisis sa spórt agus san áineas a dhigiteáil ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach), C2.3-R3-I17 (Bunú Chlárlann an Daonra, na gClann agus na dTeaghlach), C2.3-R4-I2 (Bonneagar cumarsáide leictreonaí éighníomhaí a thógáil), C2.4-R2 (Feabhas a chur ar an rialachas corparáideach i bhfiontair faoi úinéireacht stáit a bhfuil leas ar leith ag Poblacht na Cróite iontu agus i bhfiontair de chuid an rialtais láir atá faoi úinéireacht tromlaigh), C2.4-R3 (Acmhainneacht an duine a neartú chun faireachán a dhéanamh ar rialachas corparáideach i bhfiontair faoi úinéireacht stáit), C2.4-R4 (Leanúint de laghdú a dhéanamh ar líon na bhfiontar faoi úinéireacht stáit nach bhfuil leas ar leith ag an gCróit iontu), C2.4-R5 (Bainistiú maoine atá faoi úinéireacht an Stáit a bharrfheabhsú), C2.5-R1-I2 (Feabhas a chur ar chóras faisnéise an chláir talún agus ar chadastar), C2.5-R1-I4 (Tionscadal Chearnóg Ceartais Shágraib a dhearadh agus a chur chun feidhme chun rochtain ar cheartas agus éifeachtúlacht nósanna imeachta tráchtála agus díospóidí riaracháin a fheabhsú), C2.5-R1-I6 (Bonneagar TF cobhsaí athléimneach don Chóras Faisnéise Ceartais), C2.5-R1-I7 (Tionscadal Chearnóg Ceartais Shágraib a dhearadh agus a chur chun feidhme chun rochtain ar cheartas agus éifeachtúlacht nósanna imeachta tráchtála agus díospóidí riaracháin a fheabhsú), C2.6-R1-I1 (An pobal i gcoitinne a mhealladh le bheith páirteach sa chomhrac in aghaidh an éillithe trí fheasacht an phobail a mhúscailt maidir le díobhálacht an éillithe, an gá atá le cosc agus cosaint dhlíthiúil daoine tuairiscithe), C2.6-R1-I4 (Tacú le héifeachtúlacht sa chomhrac in aghaidh an éillithe agus na coireachta eagraithe),

C2.6-R1 (Éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus oscailteacht na n-údarás a mhéadú sa chomhrac in aghaidh an éillithe tríd an digiteáil, tríd an trédhearcacht a fheabhsú agus trí fheabhas a chur ar an gcomhordú), C2.6-R3 (Rialachas corparáideach a fheabhsú i gcuideachtaí faoi úinéireacht tromlaigh na n-aonad rialtais áitiúil agus réigiúnach), C2.8-R4 (Feabhas a chur ar mhaoirseacht in aghaidh sciúradh airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta bunaithe ar mheasúnú riosca san earnáil airgeadais sa Chróit), C2.9-R2 (An córas athbhreithnithe sa soláthar poiblí a neartú), C2.9-R3 (Soláthar Nuálach), C3.1-R1 (Athchóiriú struchtúrach ar an gcóras oideachais), C3.1-R2-I1 (Claochlú digiteach an ardoideachais), C3.2-R1-I1 (Córas comhaontuithe cláir a fhorbairt chun ollscoileanna agus institiúidí taighde a chistiú, dírithe ar nuálaíocht, taighde agus forbairt), C3.2-R2-I1 (Samhail chumasúcháin a fhorbairt le haghaidh dul chun cinn gairme taighdeoirí agus chun taighde eolaíoch ceannródaíoch a dhéanamh i réimsí ETIM agus TFC), C3.2-R2-I2 (Infheistíocht i dtaighde – bonneagar teicneolaíochta i réimsí ETIM agus TFC), C3.2-R3-I1 (Creat clársceidealaithe um chistiú tionscadal taighde, forbartha agus nuálaíochta níos feidhmiúla a thabhairt isteach), C4.1-R1 (Beartais ghníomhacha nua agus spriocdhírithe maidir leis an margadh saothair a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun críocha an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh sa mhargadh saothair), C4.1-R2 (An córas cuimsiúcháin agus faireacháin ar ghrúpaí leochaileacha sa mhargadh fostaíochta a neartú trí fheabhas a chur ar phróisis na seirbhíse fostaíochta), C4.1-R3-I1 (Cur chun feidhme dearbhán le haghaidh oideachas aosach, oiliúna agus uas-scilithe), C4.2-R1 (Leordhóthanacht pinsin a mhéadú trí athchóiriú leanúnach pinsin), C4.3-R1-I1 (Digiteáil chóras na sochar sóisialta idir an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal áitiúil a fheabhsú), C4.3-R2-I1 (Seirbhísí meantóireachta sóisialta a thabhairt isteach),

C4.3-R3-I4 (Ionaid cúraim do dhaoine scothaosta a thógáil agus a fheistiú (seirbhísí baile agus pobalbhunaithe agus seirbhísí institiúideacha)), C4.3-R1 (Trédhearcacht agus leordhóthanacht na sochar sóisialta sa chóras cosanta sóisialta), C5.1-R1-I1 (Cógaslanna soghluaiste a thabhairt isteach sa chúram príomhúil), C5.1-IR1-I2 (Aonaid chúraim shoghluaiste le haghaidh othair sheachtracha), C5.1-R1-I3 (Aonaid inslithe chliniciúil a thógáil agus a fheistiú (3, 4 agus 1/5 le haghaidh foirgneamh) Clinic Galar Tógálach 'Dr Fran Mihaljević'), C5.1-R1-I5 (Bloc oibriúcháin lárnach Ospidéal Ginearálta 'OB Varaždin' a thógáil agus a fheistiú), C5.1-R1-I9 (Ionad Ospidéal Cliniciúil 'KBC Zagreb' a fhorbairt, Céim III – trealamh leighis agus trealamh neamhleighis a fheistiú), C5.1-R2-I1 (Trealamh a cheannach chun ailse a chosc, a dhiagnóisiú agus a chóireáil), C5.1-R2-I2 (Trealamh a fháil agus a chur chun feidhme chun an Líonra Oinceolaíoch Náisiúnta agus an Bunachar Sonraí Oinceolaíoch Náisiúnta a bhunú), C5.1-R3-I1 (Cistiú lárnach le haghaidh speisialtóireachtaí), C5.1-R3-I2 (Oiliúint speisialaithe altraí agus teicneoirí sa leigheas éigeandála), C5.1-R4-I1 (Ullmhúchán lárnach le haghaidh ullmhóidí tuismitheoireachta in 8 n-ospidéal Chróiteacha), C5.1-R4-I2 (Córas dáilte teiripe aonaid a thabhairt isteach in 40 ospidéal sa Chróit), C5.1-R4-I3 (Rianú cógas trí institiúidí cúraim sláinte ar leibhéil thánaisteacha agus threasacha cúraim sláinte a dhigiteáil), C5.1-R4-I4 (Córas faireacháin agus coiscthe ganntanas cógas a fhorbairt sa Chróit), C5.1-R4-I5 (Córas faireacháin ar thorthaí cóireála a thabhairt isteach le haghaidh cúram othar seachtrach agus béim á cur ar othair ainsealacha i gcógaslanna poiblí), C5.1-R2 (Samhail chúraim nua a thabhairt isteach le haghaidh na bpríomhdhúshlán sláinte), C6.1-R1-I1 (Athchóiriú fuinnimh foirgneamh, C6.1-R1-I3 (Athchóiriú fuinnimh foirgneamh a bhfuil stádas earra cultúir acu), C6.1-R4-I1 (Forbairt an líonra sonraí seismeolaíocha),

C6.1-R2 (Creat a fhorbairt chun scileanna leordhóthanacha a áirithiú i gcomhthéacs na bpost glas is gá chun atógáil tar éis crith talún), C6.1-R3 (Éifeachtúlacht a mhéadú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an próiseas athchóirithe a dhigiteáil), C6.1-R4 (Nuachóiriú agus comhtháthú sonraí seismeacha le haghaidh an phróisis athchóirithe agus pleanáil maidir le tógáil bonneagair phoiblí agus faireachán air amach anseo), C6.1-R5 (Samhail nua le haghaidh straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadail a chur chun feidhme maidir le bonneagar glas a fhorbairt agus bainistiú ciorclach a dhéanamh ar fhoirgnimh agus spáis), C6.1-R6 (Treoirthionscadal chun bainistiú córasach fuinnimh a bhunú agus a chur chun feidhme agus forbairt samhla maoiniúcháin nua), C6.1-R7 (Úsáid chiorclach dramhaíola tógála ó fhoirgnimh a bhfuil stádas earra cultúir acu: treoirthionscadal lena ndéanfar iniúchadh ar dheiseanna malartaithe agus trádála), C7.1-I1 (Beart méadaithe: Soláthar feithiclí breosla mhalartaigh le haghaidh iompar poiblí uirbeach agus fo-uirbeach), C7.1-I2 (Beart méadaithe: Clár cómhaoinithe chun feithiclí breosla mhalartaigh nua a cheannach agus chun bonneagair breoslaí malartacha a fhorbairt san iompar de bhóthar), C7.1-I3 (Acmhainneacht an chríochfoirt GNL ar oileán Krk a mhéadú agus an bonneagar gáis a neartú), C7.1-R1-I3 (Úsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite san iompar agus sa téamh a neartú), C7.1-R1-I6 (Acmhainneachtaí tarchurtha agus dáileacháin an líonra leictreachais a neartú), C7.1-R1 (Beart méadaithe: Dícharbónú na hearnála fuinnimh), C7.2-I1 (Beart méadaithe: Athchóiriú fuinnimh foirgneamh), C7.2-R1 (Beart méadaithe: Éifeachtúlacht a mhéadú, an t-ualach riaracháin a laghdú agus an próiseas athchóirithe a dhigiteáil), C7.2-R2 (Beart méadaithe: Samhail nua le haghaidh straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadail a chur chun feidhme maidir le bonneagar glas a fhorbairt agus bainistiú ciorclach a dhéanamh ar fhoirgnimh agus spáis),

C7.2-R3 (Beart méadaithe: Samhail nua le haghaidh straitéisí um athnuachan uirbeach glas a thabhairt isteach agus treoirthionscadail a chur chun feidhme maidir le bonneagar glas a fhorbairt agus bainistiú ciorclach a dhéanamh ar fhoirgnimh agus spáis), agus C7.2-R4 (Samhail nua a thabhairt isteach chun cláir foghlama aosaí a ullmhú, a eagrú agus a chur chun feidhme, ar cláir iad atá dírithe ar scileanna agus inniúlachtaí glasa a fhorbairt in earnáil na tógála agus modúil iomchuí chun imeascadh rathúil san earnáil a spreagadh d'oibrithe ó thríú tíortha). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin.

(11) Tar éis cúig bheart a bhaint agus an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241, tá iarrtha ag an gCróit úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus tríd an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun trí bheart nua a chur leis. Baineann sé sin le bearta C1.1.1-R4-I5 (Instealladh Cothromais in HBOR chun Tacú le hInfheistíochtaí Straitéiseacha Digiteacha agus Infheistíochtaí Straitéiseacha Glasa), C1.1.1-R4-I6 (Infheistíocht – Instealladh Cothromais in HBOR chun Tacú le hInfheistíochtaí Straitéiseacha Cosanta agus Slándála), agus C7.2-I3 (Athchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh i gcreathanna talún le hathchóiriú fuinnimh). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag an gCróit go ndéanfaí trí bheart nua a chur isteach.

***Measúnú an Choimisiúin***

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Chróit chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (db), (g), (h), (j) agus (k), de Rialachán (AE) 2021/241.

***Rannchuidiú leis an acmhainneacht fáis, le cruthú post agus le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach***

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.3 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go mbeidh tionchar ard (rátáil A) ag an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar acmhainneacht fáis, cruthú post agus athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach na Cróite a neartú.

(15) Baineann na leasuithe ar an rannchuidiú le hathléimneacht eacnamaíoch, shóisialta agus institiúideach leis an leithdháileadh le haghaidh bhearta nua C1.1.1-R4-I5 Instealladh Cothromais in HBOR chun Tacú le hInfheistíochtaí Straitéiseacha Digiteacha agus Infheistíochtaí Straitéiseacha Glasa agus C1.1.1-R4-I6 (Infheistíocht – Instealladh Cothromais in HBOR chun Tacú le hInfheistíochtaí Straitéiseacha Cosanta agus Slándála), go háirithe trí bhearta a chur san áireamh chun tacú leis an acmhainneacht fáis tríd an leibhéal tacaíochta poiblí atá ar fáil a choigeartú go struchtúrach chun aghaidh a thabhairt ar chlistí margaidh.

***An prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

(17) Déantar measúnú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ar chomhlíonadh an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa treoraíocht theicniúil a thugtar san Fhógra ón gCoimisiún dar teideal 'Treoraíocht theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoi Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'[6]. Na hathruithe a tugadh isteach i mbearta trí leasú a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, ní dhéanann siad difear don mheasúnú a rinneadh ar an leagan bunaidh den phlean téarnaimh agus athléimneachta. Leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil coinne leis go n-áiritheofar leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart dochar suntasach de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852.

---

5 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj.

6 IO C 58, 18.2.2021, lch. 1.

*Rannchuidiú le cuspóirí REPowerEU*

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, meastar go rannchuideoidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(19) D'ainneoin iarraidh na Cróite trí bheart a bhaint nó a leibhéal cur chun feidhme a laghdú, tá an chaibidil REPowerEU fós comhsheasmhach le creat beartais na Cróite arb é is aidhm dó astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus sciar na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Treisíonn na bearta freisin iad siúd a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus iompar astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn agus sciar na bhfoinsí in-athnuaite a mhéadú.

***Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) ó thaobh an aistrithe ghlais de, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, 37,10 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe atá ann, agus 60,53 % de chostas iomlán measta na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann, costas arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(21) Ar an iomlán, de thoradh na ndifríochtaí in ábhar clibeála aeráide an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glanlaghdú ó 38,56 % go 37,10 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc aeráide an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite. D'ainneoin an laghdaithe, níl tionchar ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas. Tá coinne leis go mbeidh tionchar fadtéarmach ag bearta an phlean téarnaimh agus athléimneachta fós trí dhlús a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise agus bogadh i dtreo córas marthanach fuinnimh in-athnuaite sa Chróit. Tá coinne leis go laghdóidh siad na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus go n-éascóidh siad glacadh fuinnimh in-athnuaite sa Chróit agus go rannchuideoidh siad ar an gcaoi sin le spriocanna aeráide 2030 a bhaint amach agus le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais faoi 2050.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le suim arb é atá inti 21,07 % í de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(23) Ar an iomlán, de thoradh na ndifríochtaí in ábhar clibeála digití an bhirt mhéadaithe agus na mbeart laghdaithe, tá glanmhéadú ó 20,22 % go 21,07 % ar an rannchuidiú foriomlán le sprioc digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite. Leanann an plean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe de bheith ag rannchuidiú go suntasach leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear trí mhéadú ar dhigiteáil an riaracháin phoiblí agus ar líon na seirbhísí digiteacha do shaoránaigh agus do ghnólachtaí, chomh maith le hinfheistíochtaí i ríomhsheirbhísí sláinte agus i ndigiteáil na hearnála iompair.

***Costáil***

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid an chostais iomláin mheasta a bhaineann leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(25) Tá meastacháin costais aonair curtha ar fáil ag an gCróit do gach infheistíocht agus athchóiriú modhnaithe agus nua a raibh costas gaolmhar ag baint leo a áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, ag brath ar roinnt foinsí chun údar a thabhairt dóibh. Áirítear orthu sin glaonna ar léiriú spéise a seoladh go sonrach chun críocha an phlean téarnaimh agus athléimneachta, conarthaí soláthair ina dtagraítear do sheirbhísí comhchosúla nó infheistíochtaí den chineál céanna roimhe seo. Ina theannta sin, thug an Chróit faisnéis, maidir leis na hinstealltaí cothromais, faoi chostais atá le leithdháileadh chomh maith le faisnéis faoi chostais agus táillí bainistíochta. Tá an fhaisnéis faoi chostais arna soláthar ag an gCróit mionsonraithe agus réasúnaithe go leordhóthanach. Sholáthair an Chróit meastacháin agus toimhdí ar chostais ag baint úsáid as an tábla teimpléid caighdeánach, a bhí beartaithe chun achoimre a dhéanamh ar an bpríomhfhaisnéis agus ar an bpríomhfhianaise maidir le costáil, lena n-áirítear an mhodheolaíocht is bun leis na ríomhanna costais. Áirítear sna doiciméid sin tuairiscí agus mínithe ar na príomhspreagthaí agus ar na príomhathruithe ar chostais na mbeart modhnaithe agus ar a gcomhréireacht.

(26) Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le cineál agus saghas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá beartaithe. Mar thoradh air sin, meastar go bhfuil meastacháin chostais do gach beart sa phlean téarnaimh agus athléimneachta inchreidte den chuid is mó nó réasúnta inchreidte. Tá faisnéis agus fianaise leordhóthanach soláthartha ag an gCróit nach gcumhdaítear méid na gcostas iomlán measta le maoiniú ón Aontas atá ann cheana nó atá beartaithe. Ar deireadh, tá costas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(27) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], mheas an Chróit gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) den Rialachán sin. Mheas an Chróit, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe toisc nach gcumhdaítear leis na tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu na réimsí a ndearnadh a uas-scálú leis an athbhreithniú seo.

***Measúnú dearfach***

(28) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme a leagan amach, iad sin agus na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

---

[7] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

***Ranníocaíocht airgeadais***

(29) Is é EUR 10 040 701 600 costais iomlána measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Chróit, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite, ba cheart gurb í EUR 5 786 544 628. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuirtear ar fáil don Chróit.

***Iasachtaí***

(30) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuirtear ar fáil don Chróit dar luach EUR 4 254 156 972.

(31) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 sin a ionadú go hiomlán.

---

[8] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

(32) Ba cheart an Cinneadh seo a bheith gan dochar do nósanna imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a d’fhéadfaí a dhéanamh, go háirithe faoi Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní ghabhann sé treis ar an gceanglas atá ar na Ballstáit na bearta a chur chun feidhme i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus, go háirithe, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi chásanna státchabhrach a d’fhéadfadh a bheith ann faoi Airteagal 108 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cróite a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*

*Leasuithe*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cróite.

*Airteagal 3*

*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cróite.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*